

GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE – GNÍOMHAIRÍ AR CONRADH GRÚPA FEIDHME II – PRÍOMH-BHAINISTEOIR FOIRGNIMH

EPSO/CAST/S/11/2015

I. RÉAMHRÁ

Ar iarratas ón gCoimisiún Eorpach, tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag seoladh próiseas roghnúcháin chun bunachar sonraí d'iarrthóirí ar éirigh próiseas roghnúcháin leo a chur ar bun as a bhféadfar gníomhairí ar conradh a earcú chun bainistiú foirgneamh a dhéanamh.

Earcaíonn an Coimisiún Eorpach gníomhairí ar conradh chun inniúlachtaí breise a sholáthar i réimsí teicniúla. Fostaítear gníomhairí ar conradh i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos i Roinn IX den ghlaó seo ar léiriú spéise.

Tá na coinníollacha oibre sna hinstiúidí Eorpacha leagtha síos i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. (Chun iad a fháil ina n-iomláine, féach: <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20140101:EN:PDF> ¹.)

Is é an Coimisiún Eorpach a úsáidfidh an bunachar ina mbeidh sonraí na n-iarrthóirí. Is sa Bhruiséil go príomha a bheidh na poist lonnaithe, de réir mar a theastóidh ó na seirbhísí.

Is gnách go gcuireann líon mór iarrthóirí ardchálithe isteach ar na próisis roghnaithe gníomhairí agus go n-éiríonn an próiseas sin le cuid mhór acu. Dá bhrí sin, tabhair do d'aire gur féidir go mbeidh líon níos mó iarrthóirí sa bhunachar sonraí ná a bheidh de dhíth ar na hinstiúidí.

Sa tábla thíos tá líon na ngníomhairí ar conradh a mheastar a bheidh de dhíth ar na hinstiúidí sa réimse seo le linn tréimhse áirithe agus teacht agus imeacht ball foirne curtha san áireamh ann.

Ag seo an líon iarrthóirí, a bheag nó a mhór, atá na hinstiúidí a iarraidh don tréimhse 2015–2017:

Grúpa feidhme	Teideal na feidhme	Líon
GF II	Príomh-bhainisteoir foirgnimh	40

II Dualgais

Beidh sé de chúram ar an ngníomhaire ar conradh, agus é ag obair faoi oifigeach nó faoi ghníomhaire sealadach, féachaint chuig dea-fheidhmiú grúpa foirgneamh, foirgnimh ilghnéithigh nó foirgnimh a bhfuil baol ar leith leis agus cuid áiseanna na bhfoirgneamh sin.

Chun go mbeidh na bainisteoirí foirgnimh ag obair i gcomhar agus i gcomhréir le chéile laistigh de limistéar áirithe ina bhfuil roinnt foirgneamh, is féidir go mbeidh ar bhainisteoir foirgnimh ról comhordaitheora limistéir a ghlacadh de láimh.

¹ Tá na rialacha ginearálta cur chun feidhme maidir le coinníollacha fostaíochta gníomhairí ar conradh an Choimisiúin agus Pharlaimint na hEorpa ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO: http://europa.eu/epso/index_ga.htm. Tabhair do d'aire go bhfuiltear ag athbhreithniú na rialacha ginearálta sin faoi láthair .

Is gá inniúlachtaí bainistithe agus riaracháin chun an cúram sin a dhéanamh. Ag seo samplaí de na cúraimí éagsúla is féidir a bheidh le déanamh:

- Féachaint chuige go gcoinneofar bail mhaith ar an bhfoirgneamh, i gcomhar agus i gcomhréir leis na seirbhísí teicniúla eile a mbaineann an cúram sin leo agus freagairt ar iarratais ar oibreacha agus gníomhaíochtaí, más gá (fadhb theicniúil, deisiú, earra nua a chur in ionad earra lochtaigh, iniúchadh ar láthair stórála etc.).
- Gach beart is gá a dhéanamh chun gur freastal gan bhriseadh an freastal a dhéanfar ar lucht úsáidte an fhoirgnimh; beart a dhéanamh mar gheall ar na gearáin ó lucht úsáidte an fhoirgnimh agus iad a chur in iúl do na seirbhísí a mbaineann na gearáin leo.
- Gach beart práinne nó caomhnaithe is gá a dhéanamh chun nach dteipfidh ar fheidmiú an fhoirgnimh, i ndlúthchomhar leis na seirbhísí a bhaineann leis an bhfoirgneamh (bearta teicniúla, bearta sábháilteachta agus bearta sláinteachais san ionad oibre) agus i ndlúthchomhar leis na seirbhísí slándála freisin.
- A sheiceáil an ndéanann na gnólachtaí ar conradh a gcuid oibre mar is ceart agus ar ardchaighdeán laistigh den fhoirgneamh.
- Monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a dhéantar san fhoirgneamh agus ar a thoscán a fhad a bhaineann le húsáid spáis (oifigí, cartlanna etc.) agus ar an mbail atá ar na háiseanna fáilte (deasca fáilte, suíocháin agus boird le haghaidh cuairteoirí, bratacha, garraithe etc.).
- Cúnamh a thabhairt spásanna páirceála an fhoirgnimh a bhainistiú.
- Stóráil earraí a dtagtar orthu san fhoirgneamh a bhainistiú.
- Cúnamh a thabhairt na tástálacha míosúla ar na haláirí dhóiteáin a dhéanamh.
- Na cúraimí práinne a dhéanamh atá ar bhainisteoirí foirgnimh faoin bPlean Leanúnachais Gnó i gcás práinne/géarchéime.

III. CLÁR AMA TÁSCACH AN PHRÓISIS ROGHNÚCHÁIN

Is é EPSO a bheidh i bhfeighil an phróisis, agus beidh bord roghnúcháin de chúnamh aige a mbeidh ionadaithe ó sheirbhísí agus institiúidí an Aontais ina mbaill de. Ag seo an clár ama **táscach**:

CÉIMEANNA	DÁTAÍ TÁSCACHA
Clárú	Eanáir–Márta 2015
Scrúdú ar an CVanna	Márta–Aibreán 2015
Trialacha inniúlachtaí	Meitheamh 2015
Torthaí na dtrialacha inniúlachtaí	Iúil–Lúnasa 2015

IV. INCHÁILITHEACHT

Cuireann institiúidí an Aontais Eorpaigh beartais comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann sé le hiarratais gan aon idirdhealú a dhéanamh atá bunaithe ar aon fhoras amhail tionscnamh ciníoch nó eitneach, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, aois nó míchumas, gnéas nó claonadh gnéasach nó stádas pósta nó teaghlaigh an iarrthóra.

Ní fhéadfar tú a earcú mar ghníomhaire ar conradh mura gcomhlíona tú, ar an dáta deiridh atá leagtha síos don chlárú ar líne, na coinníollacha seo a leanas:

A. Coinníollacha ginearálta
(a) Bheith i do shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach.
(b) Do chearta mar shaoránach a theachtadh.
(c) Aon oibleagáid dlí atá ort i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat.
(d) Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh.
(e) Na coinníollacha corp-acmhainne a theastaíonn maidir le dualgais an phoist a dhéanamh a chomhlíonadh.
B. Íoschoinníollacha sonracha – Oiliúint/taithí

1. Oideachas tríú leibhéal, agus diplóma bainte amach ag a dheireadh, i réimse teicniúil a bhaineann leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu i Roinn II
nó
2. oideachas dara leibhéal, agus diplóma bainte amach ag a dheireadh a thugann rochtain ar an oideachas tríú leibhéal, mar aon le trí bliana de thaithí oibre a bhaineann leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu i Roinn II
nó
3. ocht mbliana ar an iomlán,
 - d'oiliúint ghairmiúil chuí agus/nó
 - de thaithí oibre a bhaineann leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu i Roinn II
 a fuair an t-iarrthóir i ndiaidh dó an scolaíocht éigeantach a chur isteach agus diplóma bainte amach aige ag a deireadh:
 Féach nach féidir oiliúint oibre a chur san áireamh ach má tá aon bhliain amháin acadúil lánaimseartha ar a laghad ina cuid di agus go ndearnadh í i ndiaidh na scolaíochta éigeantaí agus gur baineadh diplóma amach ag a deireadh a aithníonn Ballstát den Aontas Eorpach
nó
4. deich mbliana ar an iomlán mar ghníomhaire de chuid an Aontais Eorpaigh i ndiaidh dó cúrsa oiliúna de chuid na hinstiúide a dhéanamh a bhaineann leis na cúraimí a bhfuil cur síos orthu i Roinn II agus a fuair sé i ndiaidh dó an scolaíocht éigeantach a chur isteach agus diplóma bainte amach aige ag deireadh na scolaíochta sin

C. Eolas ar theangacha

Teanga 1 (T1) agus	An phríomhtheanga: sáreolas (leibhéal C1 ² ar a laghad) ar theanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais Eorpaigh ³
Teanga 2 (T2)	<p>eolas sásúil (leibhéal B2) ar an mBéarla, ar an bhFraincis nó ar an nGearmáinis; an teanga a roghnaítear mar theanga 1 thuas, ní féidir í a roghnú mar theanga 2 freisin.</p> <p>I bhfianaise an bhreithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) i gCás C 566/10 P, Poblacht na hIodáile v an Coimisiún, is mian le hinstiúidí an Aontais a shonrú cé na fáthanna a bhfuil na teangacha as ar féidir an dara teanga a roghnú teoranta acu sa chomórtas seo do líon srianta de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.</p> <p>Dá bhrí sin, cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur roghnaíodh dara teangacha an chomórtais seo de réir leas na seirbhíse, leas a fhágann go gcaithfidh na hearcaigh nua bheith in ann dul i mbun oibre láithreach agus go mbeidh sé ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn na hoibre laethúla. Ina éagmais sin, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór ar obair na n-institiúidí.</p> <p>Is fada an Béarla, an Fraincis agus an Ghearmáinis ina bpríomhtheangacha cumarsáide inmheánaí in institiúidí an Aontais Eorpaigh, agus is iad is minice a mbíonn gá leo chun cumarsáid a dhéanamh le páirtithe seachtracha agus chun comhaid a láimhseáil. Ar a bharr sin, is iad an Béarla, an Fraincis agus an Ghearmáinis na dara teangacha is leitheadaí san Aontas Eorpach agus is iad is mó a ndéantar staidéar orthu mar dhara teangacha. Ós amhlaidh atá, is féidir bheith ag súil faoi láthair le leibhéal áirithe oideachais agus inniúlachtaí gairme a bheith ag iarrthóirí ar na poist in institiúidí an Aontais, mar atá, sáreolas ar cheann de na teangacha sin ar a laghad. Dá bhrí sin, agus leas na seirbhíse agus riachtanais agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí á gcur sa mheá, agus sainréimse an chomórtais seo á chur san áireamh, tá ábhar maith ann trialacha a eagrú sna trí theanga sin chun a chinntiú go mbeidh na hiarrthóirí uile in ann a gcuid oibre a dhéanamh i gceann amháin de na teangacha sin ar a laghad, is cuma cén chéad</p>

² Féach an creat tagartha ar shuíomh Europass:

<http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>

³ Is iad seo a leanas teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: an Béarla (EN), an Bhulgáiris (BG), an Chróitis (HR), an Danmhairgis (DA), an Eastóinis (ET), an Fhionlainnis (FI), an Fraincis (FR), an Ghailge (GA), an Ghearmáinis (DE), an Ghréigis (EL), an Iodáilis (IT), an Laitvis (LV), an Liotuáinis (LT), an Mháltais (MT), an Ollainnis (NL), an Pholainnis (PL), an Phortaingéilis (PT), an Rómáinis (RO), an tSeicis (CS), an tSlóivéinis (SL), an tSlóvaicis (SK), an Spáinnis (ES), an tSualainnis (SV) agus an Ungáiris (HU).

teanga oifigiúil atá acu. Ina theannta sin, chun go mbeidh cothrom iomaíochta ann, ní mór do gach iarrthóir – fiú má tá ceann de na trí theanga sin ina céad teanga oifigiúil aige – trialacha áirithe a dhéanamh sa dara teanga aige, agus beidh an dara teanga le roghnú as na trí theanga sin. Mar sin, ligean an measúnú ar na hinniúlachtaí sonracha d’institiúidí an Aontais a mheas a ábalta is atá na hiarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina n-iarrfar orthu bheith ag obair. Tá sin ar fad gan dochar don fhéidearthacht tríú teanga a fhoghlaim níos faide anonn i gcomhréir le hAirteagal 85, Mír 3) de na Rialacháin Foirne.

Tráth a gcláraithe, ní fhéadfaidh iarrthóirí ach ceann amháin de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh a roghnú mar phríomhteanga (T1). Ní féidir rogha na dteangacha a athrú i ndiaidh an fhoirm iarratais ar líne a bhailíochtú.

V. CONAS CLÁRÚ AGUS AN SPRIOCAM CLÁRÚCHÁIN

Ní mór duit iarratas a chur isteach ar líne agus na treoracha ar shuíomh gréasáin EPSO á leanúint agat (http://europa.eu/epso/apply/jobs/index_en.htm), agus go háirithe na treoracha sa [treoirleabhar maidir le clárú](#). Ní mór duit an t-iarratas a líonadh isteach i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis.

Is fút féin amháin atá sé an t-iarratas ar líne a líonadh isteach roimh an spriocam. Moltar duit gan fanacht go dtí deireadh na tréimhse clárúcháin chun tú féin a chlárú mar go bhféadfadh sé, toisc trácht trom ar an idirlíon nó fabht a bheith sa nasc idirlín, go mbeadh ort an próiseas clárúcháin ar líne a thosú athuair, rud nach féidir a dhéanamh i ndiaidh an spriocama.

Nuair a bheidh d’iarratas bailíochtaithe agat, ní fhéadfaidh tú aon athruithe breise a dhéanamh air, arae próiseálann EPSO láithreach sonraí na n-iarratas chun an nós imeachta roghnúcháin a eagrú.

SPRIOCAM (an bailíochtú san áireamh):

24/02/2015 ar 12 a chlog (meán lae), am na Buiséile

VI. CÉIMEANNA AN PHRÓISIS ROGHNÚCHÁIN

ROGHNÚ AR BHONN CÁILÍOCHTAÍ

Déanfar réamhroghnú ar bhonn cáilíochtaí na n-iarrthóirí, go háirithe maidir lena ndioplómaí agus lena dtaithí oibre, de réir na gcritéar atá leagtha amach thíos. Na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí acu is fearr a fheileann do na dualgais agus do na critéir roghnúcháin, tabharfar cuireadh dóibh na trialacha inniúlachtaí a dhéanamh.

Ag an gcéim sin den nós imeachta roghnúcháin, ceapfar painéal roghnúcháin chun cuidiú le EPSO, go háirithe chun an roghnú ar bhonn cáilíochtaí a dhéanamh (mionscrúdú ar CVanna).

Critéir le haghaidh roghnú ar bhonn cáilíochtaí a dhéanamh:

1.	Taithí oibre ceithre bliana ar a laghad ar chúraimí bainistithe theicniúil a dhéanamh ar fhoirgneamh sna cúig bliana seo a chuaigh thart.
2.	Dioplóma teicniúil a bhaineann le foirgnimh.
3.	Taithí eile oibre, sa bhreis ar an taithí atá luaite faoi Chritéar 1, a bhaineann leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu i Roinn II.
4.	Táithí ar sheiceálacha inghlachta agus monatóireachta a dhéanamh ar obair agus seirbhísí tógála.
5.	Oiliúint agus/nó taithí i réimsí na sábháilteachta agus an tsláinteachais, na garchabhrach, na

	dteicníc glantóireachta agus na réamhchosanta.
6.	Taithí oibre ar sheirbhísí a chur ar fáil go díreach do chustaiméirí.
7.	Taithí oibre aon bhliana amháin ar a laghad in eagraíocht idirnáisiúnta nó in eagraíocht ar an gcoigríoch.
8.	Eolas ar ríomhchláir oifige (MS Word, Excel, Outlook, bunachair shonraí...).
9.	Ar chúiseanna praiticiúla, eolas sásúil (íosleibhéal B2 ⁴) ar an mBéarla agus/nó ar an bhFraincis, fiú más í Teanga 1 nó 2 agat ceann den dá theanga sin.
10.	Ar chúiseanna praiticiúla, eolas sásúil (leibhéal B2 ⁵ ar a laghad) ar theanga amháin nó ar roinnt teangacha de chuid an AE cé is moite den Bhéarla agus den Fraincis.

NB: Má thugtar cuireadh chun agallaimh duit, beidh ort do chuid doiciméad tacaíochta a chur ar fáil. Má fhaightear amach nach bhfuil an fhaisnéis a thug tú cruinn, dícháileofar thú ón bpróiseas roghnúcháin agus bainfear d'ainm as an mbunachar sonraí.

Is ar bhonn na ndearbhuithe a rinne tú sa chluaisín 'scagthóir buanna' (DE: *Talentfilter*, EN: *talent screener*, FR: *évaluateur de talent*), agus **ar an mbonn sin amháin**, a dhéanfar an roghnú:

— Tabharfar ualú ó 1 go dtí 3 do gach ceist, de réir na tábhachta atá ag critéar na ceistei.

— Scrúdóidh an bord roghnúcháin freagraí na n-iarrthóirí agus tabharfaidh sé marc ó 0 go dtí 4 do gach freagra; iolrófar na marcanna ansin faoin ualú atá ag an gcritéar i gceist.

Na hiarrthóirí a ghnóthóidh an méid is mó marcanna, tabharfar cuireadh dóibh an triail inniúlachtaí a dhéanamh (beidh líon na n-iarrthóirí dá dtabharfar cuireadh an triail inniúlachtaí a dhéanamh cothrom le tuairim is dhá oiread líon na n-iarrthóirí atá iarrtha ag gach institiúid). I gcás ina bhfuil roinnt iarrthóirí ar aon mharc don áit dheireanach, tabharfar cuireadh dóibh uile an triail inniúlachtaí a dhéanamh.

TRIAIL INNIÚLACHTAÍ

Déanfaidh na hiarrthóirí triail inniúlachtaí chun go bhféadfar a n-eolas i réimse na próifíle i gceist (príomh-bhainisteoir foirgnimh, a bhfuil cur síos uirthi san fhógra seo i Roinn II) a mheas.

Gach iarrthóir a ghnóthaigh an pasmharc, cuirfear a ainm sa bhunachar sonraí.

Cineál na trialach	Fad ama na trialach	Teanga na trialach	Uasmhéid pointí	Pasmharc
Ceistanna ilroghnacha	50 nóiméad	Teanga 2 (T2)	25	13

Déanfar an triail ar pháipéar agus beidh ar na hiarrthóirí uile í a dhéanamh sa Bhruiséil, sin nó déanfar ar ríomhaire í agus beidh sí ar siúl in ionaid scrúdúcháin ar fud na mBallstát. Cuirfear na hiarrthóirí ar an eolas faoi na socruithe ina leith sin in am trátha.

Más triail ar pháipéar sa Bhruiséil a bheidh ann, íocfaidh EPSO cuid den chostas taistil i gcomhréir leis na rialacha maidir le haisíocaíocht atá i bhfeidhm. Féach:

http://europa.eu/epso/apply/on_going_compet/reimburse/index_en.htm

VII. TORTHAÍ NA dTRIALACHA

⁴ Féach an creat tagartha ar shuíomh gréasáin Europass:

http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp?loc=fr_FR

⁵ Féach an creat tagartha ar shuíomh gréasáin Europass:

http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp?loc=fr_FR

Déanfar torthaí an mhionscrúdaithe ar na CVanna agus torthaí na dtrialacha inniúlachtaí a fhoilsiú i gcuntas EPSO na n-iarrthóirí.

VIII. AINMNEACHA A CHUR SA BHUNACHAR SONRAÍ

Déanfar ainmneacha na n-iarrthóirí a ghnóthóidh an pasmharc sa triail inniúlachtaí a iontráil sa bhunachar sonraí; ní fhoilseofar iad in áit ar bith eile. Beidh rochtain ag an gCoimisiún Eorpach ar an mBunachar Sonraí. Féadfaidh institiúidí/gníomhaireachtaí Eorpacha eile rochtain a fháil ar an mbunachar sonraí, má theastaíonn na próifílí atá sa bhunachar sin uathu. Beidh an bunachar sonraí bailí go ceann trí bliana ón dáta a gheobhaidh na hiarrthóirí a dtorthaí.

IX. ROGHNÚ FÉACHAINT DAOINE A EARCÚ

Ní hionann ainm duine bheith sa bhunachar sonraí agus gealltanais go dtairgfear post dó. De réir mar a thiocfaidh folúntais chun cinn, cuardóidh na hinstiúidí an bunachar sonraí agus tabharfaidh siad cuireadh chun agallaimh do na hiarrthóirí is fearr a oireann do dhualgais an phoist. Má éiríonn an t-agallamh go maith leis an iarrthóir, is féidir go bhfaighidh sé tairiscint fhoirmiúil poist. Déanfar eolas an iarrthóra ar an bpríomhtheanga a mheas le linn an agallaimh sin freisin. Iarrthóirí nach bhfuil imréiteach slándála pearsanra acu cheana, ní mór dóibh bheith toilteanach é a iarraidh go foirmiúil más gá. Tabharfar Conradh 3A⁶ (gníomhaire ar conradh) don iarrthóir a roghnófar don phost, mar a léirítear thíos.

Conradh	Áit oibre
Conradh 3A (ar féidir conradh tréimhse éiginnte a theacht as)	an dá oifig atá ag 'Bonneagair agus Lóistíocht' (sa Bhruiséil agus i Lucsamburg), agus Oifig an Phámháistir Ghinearálta (PMO); an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) agus an Scoil Riaracháin Eorpach (EUSA), gníomhaireachtaí Eorpacha agus Ionadaíochtaí an Choimisiúin agus Toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh ar fud an domhain.

X. NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE/ACHOMHAIRC

Féach na nósanna imeachta athbhreithnithe:

http://europa.eu/epso/apply/how_apply/importantdocuments/index_ga.htm

XI. CUMARSÁID

Rachaidh EPSO i dteagmháil leat trí do chuntas EPSO. Is fút féin atá sé do chuntas EPSO a sheiceáil go tráthrialta — dhá uair sa tseachtain ar a laghad — chun dul chun cinn an phróisis a leanúint agus chun an fhaisnéis a bhaineann le d'iarratas a sheiceáil. Mura féidir leat sin a dhéanamh de dheasca fadhb theicniúil ar thaobh EPSO, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas faoi sin láithreach.

Chun aon chomhfhreagras a dhéanamh le EPSO, iarraidimid ort dul chuig an [leathanach teagmhála](http://eu-careers.info) nó eu-careers.info.

Lena chinntiú go dtuigfidh gach duine na téacsanna ginearálta agus an chumarsáid uile idir tú féin agus EPSO i gceart, ní úsáidfeadh ach an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis sna cuirí chuig na trialacha éagsúla agus i ngach comhfhreagras idir tú agus EPSO.

⁶ I gcomhréir le hAirteagal 3 (a) de na rialacha is infheidhme maidir le gníomhairí eile an Aontais Eorpaigh agus leis na rialacha mionsonraithe ar a bhfuil sainmhíniú sna Rialacha sin agus le rialacha ginearálta cur chun feidhme na hinstiúide, na gníomhaireachta nó na hoifige i geist.

XII. FORAS DÍCHÁILITHE A BHAINNEAN LEIS AN bPRÓISEAS CLÁRÚCHÁIN

Déanann EPSO gach iarracht féachaint chuige go gcloítear le prionsabal na córa comhionainne. Dá bharr sin, má fhaightear amach ag aon chéim den nós imeachta gur chruthaigh tú níos mó ná aon chuntas EPSO amháin, gur chuir tú níos mó ná aon iarratas amháin isteach sa phróiseas roghnúcháin seo nó go ndearna tú aon dearbhuithe bréagacha, dícháileofar thú.

Is féidir go ngearrfar pionós ort má dhéanann tú calaois nó iarracht ar chalois. Ba mhaith linn a chur in iúl duit nach n-earcaíonn na hinstiúidí ach na daoine sin a léiríonn go bhfuil siad sár-ionraic iontaoifa.

XIII. SOCruithe SPEISIALTA

(a) Míchumas atá ann tráth an t-iarratas a dhéanamh

1.	Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá bail ort a d'fhéadfadh bac a chur ort agus na trialacha á ndéanamh agat, cuir tic sa bhosca a bhaineann leis sin ar an bhfoirm iarratais ar líne agus léirigh na socruithe a mheasann tú a bheith riachtanach chun déanamh na dtrialacha a éascú duit agus cuir isteach uimhir an phróisis roghnúcháin agus d'uimhir iarratais (seachain agus ná fág na huimhreacha sin ar lár).
2.	A luaithe is féidir é i ndiaidh duit d'iarratas ar líne a bhailíochtú, cuir isteach teastas leighis nó teastas ó chomhlacht aitheanta (de réir mar a bheidh) a dheimhníonn tú a bheith faoin míchumas sin. Scrúdófar na doiciméid tacaíochta ionas gur féidir socruithe ar leith a dhéanamh a oirfidh do gach cás chun go sásófar (a mhéid is féidir é) iarrataí a mheasfar a bheith réasúnta. Ba cheart iarrataí agus doiciméid tacaíochta a sheoladh: trí ríomhphost chuig: EPSO-accessibility@ec.europa.eu nó mar fhacs chuig +32 22998081, agus 'EPSO accessibility' mar ábhar nó tríd an bpost chuig: An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) 'EPSO accessibility' (C-25) 1049 Bruxelles/Brussel BELGIQUE/BELGIË

(b) Míchumas a thagann chun cinn i ndiaidh don iarrthóir a iarratas a chur isteach

1.	Má thagann míchumas den chineál thuasluaite chun cinn i ndiaidh an spriocama do na hiarratais ar líne, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas faoi a luaithe is féidir é. Luaigh i scríbhinn na socruithe a mheasann tú a bheith riachtanach agus cuir isteach na doiciméid ina bhfuil fianaise maidir le do mhíchumas.
2.	Ba cheart doiciméid a chur: trí ríomhphost chuig: EPSO-accessibility@ec.europa.eu nó mar fhacs chuig +32 22998081, agus 'EPSO accessibility' ina ábhar aige nó tríd an bpost chuig: An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) 'EPSO accessibility' (C-25) 1049 Bruxelles/Brussel BELGIQUE/BELGIË